CINNTÍ

CINNEADH (AE) 2021/1843 ÓN gCOMHAIRLE

an 15 Deireadh Fómhair 2021

maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhairle Siúcra Idirnáisiúnta a mhéid a bhaineann le síneadh a chur leis an gComhaontú Idirnáisiúnta Siúcra 1992

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 207(4), an chéad fhomhír, i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rinne an tAontas an Comhaontú Idirnáisiúnta Siúcra 1992 ([1]) ("ISA") a thabhairt i gcrích le Cinneadh 92/580/CEE ([2]) ón gComhairle agus tháinig sé i bhfeidhm an 1 Eanáir 1993. Tugadh ISA i gcrích le haghaidh tréimhse 3 bliana go dtí an 31 Nollaig 1995.

(2) Tugtar de chumhacht don Chomhairle Siúcra Idirnáisiúnta ("ISC"), a bunaíodh faoi Airteagail 3 agus 8 den Chomhaontú, de bhun Airteagal 45(2) de ISA, chun síneadh a chur le ISA, trí vóta speisialta, le haghaidh tréimhsí comhleanúnacha nach rachaidh thar 2 bhliain gach uair. Ó tugadh ISA i gcrích, cuireadh síneadh leis go tráthrialta le haghaidh tréimhsí breise 2 bhliain. Cuireadh an síneadh deireanach le ISA le cinneadh ó ISC i mí Iúil 2019 agus beidh sé i bhfeidhm go dtí an 31 Nollaig 2021.

(3) Le linn an 59ú seisiún a bheidh aici an 26 Samhain 2021, glacfaidh ISC cinneadh maidir le síneadh a chur le ISA le haghaidh tréimhse eile 2 bhliain, go dtí an 31 Nollaig 2023.

(4) Is iomchuí a bhunú an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais in ISC, le linn a 59ú seisiún, a mhéid a bhaineann le síneadh a chur le ISA. Is chun leas an Aontais é síneadh a chur le ISA,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Vótáil i bhfabhar síneadh a chur leis an gComhaontú Idirnáisiúnta Siúcra, 1992, le haghaidh tréimhse eile suas le 2 bhliain go dtí an 31 Nollaig 2023, is é sin an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Chomhairle Siúcra Idirnáisiúnta, le linn a 59ú seisiún.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh i Lucsamburg, 15 Deireadh Fómhair 2021.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
J. CIGLER KRALJ

([1]) An Comhaontú Idirnáisiúnta Siúcra 1992 (IO L 379, 23.12.1992, lch. 16).
([2]) Cinneadh 92/580/CEE ón gComhairle an 13 Samhain 1992 maidir le síniú agus tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe Idirnáisiúnta Siúcra 1992 (IO L 379, 23.12.1992, lch. 15).